

14420/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0134(COD)

CODEC 1896
TRANS 619
ENV 1226
FIN 1441

NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle
Ábhar:	Dréacht-TREOIR Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Treoir 1999/62/CE a mhéid a bhaineann leis an athrú ar mhuirir le haghaidh feithiclí tromshaothair bunaithe ar a n-astaíochtaí CO ₂ agus chun forálacha áirithe a shoiléiriú agus a shimpliú (an chéad léamh) – Glacadh an ghnímh reachtaigh

1. An 4 Bealtaine 2023¹, chuir an Coimisiún an togra uaidh agus an 2 Deireadh Fómhair 2025² chuir sé togra leasaithe, atá bunaithe ar Airteagal 91(1) CFAE araon, faoi bhráid na Comhairle.
2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairimí uaidh an 20 Meán Fómhair 2023³ agus an 3 Nollaig 2025⁴.
3. Chuathas i gcomhairle le Coiste na Réigiún agus chinn sé gan tuairim a thabhairt uaidh.

¹ 9056/23 + ADD 1.

² 13259/25 + ADD 1.

³ IO C, C/2023/874, 8.12.2023, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2023/874/oj>.

⁴ IO C, C/2026/880, 27.2.2026, ELI: <http://data.europa.eu/eli/C/2026/880/oj>.

4. An 7 Deireadh Fómhair 2026, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún⁵. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus ba cheart, dá bhrí sin, go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.
5. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dhearbhu go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 58/26 é, a fhormheas mar mhír ‘A’ ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.
6. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh sé sínithe ag Uachtarán Parlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, foilseofar an gníomh reachtach in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

⁵ 13977/26.